



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education  
2013–2014

## Eolaíocht Teastas Dúailte: Fisic

Aonad P1

Bonnsraith

[GSD31]



DÉ CÉADAOIN 26 FEABHRA 2014, MAIDIN

AM

1 uair a chloig.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.  
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.  
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.  
Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.  
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 9(a).

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	

Marc  
iomlán

- 1 Tá bolgán solais deartha le fuinneamh leictreach a athrú ina fhuinneamh solais.



© yukipon/iStock/Thinkstock

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>


Comhlánaigh na habairtí thíos do na gairis eile.



© hero30/iStock/Thinkstock

- (i) Tá inneall peitrial deartha le fuinneamh \_\_\_\_\_ a athrú ina

fhuinneamh \_\_\_\_\_. [2]



- (ii) Tá callaire deartha le fuinneamh \_\_\_\_\_ a athrú ina

fhuinneamh \_\_\_\_\_. [2]



© dedMazay/iStock/Thinkstock


- (iii) Crann tabhaill a scaoileann réad suas, athraíonn sé  
fuinneamh \_\_\_\_\_ ina fhuinneamh poitéinsiúil  
imtharraingteach agus ina fhuinneamh \_\_\_\_\_ .

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 2 Tá gluaisne cairr á léiriú ag an ghráf faid is ama thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



- (a) Cad é mar is féidir leat a aithint, ón ghráf, go bhfuil an carr ag taisteal faoi luas tairiseach don chéad 20 soicind den turas?

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Cuir síos ar gluaisne an chairr ó 20 soicind go dtí 30 soicind.

\_\_\_\_\_ [1]

- (c) Ríomh an meáluas don 30 soicind a thaispeántar.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Meáluas \_\_\_\_\_ m/s [3]

- (d) Cad é an difríocht idir treoluas cairr agus luas cairr?

\_\_\_\_\_ [1]

- 3** Tá rothaí dar mais 65kg ag rothaíocht ar rothar dar mais 10kg.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
	



© Ljupco/iStock/Thinkstock

- (a) (i) Cad é an fórsa comhthoraidh a chaithfidh an rothaí a chur i bhfeidhm sa dóigh go luasghéaróidh sé ar  $2.0 \text{ m/s}^2$ ?

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Fórsa comhthoraidh = \_\_\_\_\_ N [4]

- (ii) Abair go séideann gaoth láidir sa **treo chéanna** le gluaiseacht an rothaí, cad é a thiocfadh leis an rothaí a dhéanamh dá mba mhian leis **go fóill** a bheith ag luasghéarú ar  $2.0 \text{ m/s}^2$ ?

[1]


- (b)** Is cineál de fhrithchuimilt í friotaíocht aeir.

Cad é a chiallaíonn an focal frithchuimilt, dar leat?

- 4 Thig le gloine fuinneoge solas a fhriúchaitheamh agus solas a ligean tríthi. Taispeánann an léaráid cad é a tharlaíonn le cineál gloine amháin ar leith atá deartha le solas a ligean tríthi.

Titeann 500 J d'fhuinneamh solais ar an ghloine thar thréimhse ama, mar a thaispeántar.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



- (i) Ríomh éifeachtúlacht na gloine.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Éifeachtúlacht = \_\_\_\_\_ [3]

- (ii) Cad é an t-aonad, má tá aonad ann, a mbaintear úsáid as le héifeachtúlacht a chur in iúl? Roghnaigh ón liosta thíos.

Ciorcláigh do fhreagra.

giúl

niútan

gan aonad ar bith

[1]

- 5 Tá lúthchleasaí i mbun caitheamh an oird a chleachtadh do na Cluichí Oilimpeacha.



© Ria Novosti/Science Photo Library

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (a) (i) Cad é ainm an fhórsa a choinníonn an t-ord ag bogadh i gciorcal?

\_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Cad é an treo ina ngníomhaíonn an fórsa seo?

\_\_\_\_\_ [1]

- (iii) Taistealaíonn an t-ord níos gasta agus níos gasta ag túis an luasctha. Cad é mar a théann sé seo i bhfeidhm ar an fhórsa a ndéantar trácht air i gcuid (a)(i)? Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

Éiríonn sé níos mó

Fanann sé mar an gcéanna

Éiríonn sé níos lú  [1]

- (b) Is é 7 kg mais an oird. Is é 5 m/s a luas ag meandar amháin.


Ríomh a mhóiminteam.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Móiminteam = \_\_\_\_\_ kg m/s [3]

6 Taispeánann an léaráid adamh neodrach, X.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>




(a) (i) Comhlánaigh an tábla don adamh X.

Líon na neodrón	<input type="text"/>
Líon na leictreon	<input type="text"/>
Líon na bprotón	<input type="text"/>
Maisuimhir adamh X	<input type="text"/>

[4]

(ii) Is féidir núicléas den adamh X a léiriú mar a thaispeántar thíos.  
Líon isteach na huimhreacha atá ar iarraidh.



[2]


(b) Tá an **líon céanna** neodrón ag adamh neodrach eile agus atá ag X  
ach tá líon difriúil protón aige.

Ticeáil (✓) an bosca ceart lena thaispeáint cad é an t-adamh eile seo.

- |              |                          |     |
|--------------|--------------------------|-----|
| Iseatóp de X | <input type="checkbox"/> |     |
| Ian          | <input type="checkbox"/> |     |
| Dúil eile    | <input type="checkbox"/> | [1] |

- 7 Ardaíonn craein bíoma cruach go barr foirgneamh ard.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



- (a) Cad é an éifeacht a bhíonn ar chobhsaíocht an struchtúir de réir mar a ardaítear an bíoma? Mínigh do fhreagra.

Éifeacht ar chobhsaíocht \_\_\_\_\_

Míniú \_\_\_\_\_ [2]

Cuireann an frithmheáchan, a bhfuil mais 3000 kg aige, móimint i bhfeidhm thart ar bharr na craenach.

- (b) Ríomh an mhóimint agus luaigh a haonad.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Móimint = \_\_\_\_\_ [5]

8 Tá leathré 46 lá ag iseatóp d'iarann.

(a) (i) Mínigh cad é a chialláíonn leathré 46 lá.

---

---

[2]

Tá gníomhaíocht 512 díscaoileadh sa tsoicind ag sampla den iseatóp seo.

(ii) Cad é an fad ama a chaithfidh imeacht sula dtiteann a ghníomhaíocht go dtí 32 díscaoileadh sa tsoicind?

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Am = \_\_\_\_\_ lá [3]

Astaíonn foinse radaighníomhaíochta na trí chineál radaíochta uilig: alfa, béite agus gáma.

(b) (i) Cé acu radaíocht(aí) a rachaidh trí 3 cm de luaidhe?

---

[1]

(ii) Cé acu radaíocht(aí) a rachaidh trí phíosa tiubh cairtchláir?

---

[1]

## **LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

- 9 (a) Tugtar roinnt réada cruach duit. Cuir síos ar thurgnamh a dhéanfá le dlús cruach a aimsiú.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



© Les Cunliffe/iStock/Thinkstock

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra,

- an fearas a mbaintear úsáid as,
- na léamha a thógann tú,
- an dóigh a mbaintear úsáid as na léamha.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar na scileanna scríofa cumarsáide agat ar a n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíocha.**

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---


---

[6]

- (b) Ba mhaith le dalta dlús leachta a aimsiú. Bain úsáid as an fhaisnéis thíos le dlús an leachta a aimsiú ina  $\text{g/cm}^3$ .

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc


Mais an choimeádáin + leacht = 1540 g
Mais an choimeádáin = 1000 g



Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Dlús = \_\_\_\_\_  $\text{g/cm}^3$  [3]

- 10 Imscrúdaíonn dalta an dóigh a mbraitheann síneadh lingeán bíseach ar an mheáchan a chrochtar air.



Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

An chothromóid a nascann an síneadh,  $e$ , agus an meáchan,  $W$ , tá sí á tabhairt ag:


$$e = kW$$

Taispeánann an tábla roinnt torthaí ón imscrúdú.

W ina N	0.5	1.0	1.5	2.0	2.5
e ina cm	2	4	6	8	10

Larrtar ort graf a bhreacadh de  $e$  in aghaidh  $W$ .

- (i) Roghnaigh scála cuí do  $W$  agus lipéadaigh an ais chothrománach. [2]



Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

(ii) Breac na pointí ar an ghraf agus tarraing líne an oiriúnaithe is fearr. [3]

(iii) Faigh grádán do ghraif agus luaigh a aonad.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Grádán = \_\_\_\_\_ [3]

Aonad = \_\_\_\_\_ [1]

Is é 7 cm fad bunaidh an lingeáin a thaispeántar thall.

(iv) Bain úsáid as do ghraf leis an ualach a aimsiú atá de dhíth leis an lingeán a shíneadh go dtí fad iomlán de 12cm.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Ualach = \_\_\_\_\_ N [2]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.